Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 17 Feabhra 2020
(OR. en)

5807/20

LIMITE

CO EUR-PREP 1

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cruinniú den Chomhairle Eorpach (26 agus 27 Márta 2020)<br>– Dréacht-Chlár Oibre anótáilte |

*I gcomhréir le hAirteagal 3(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle Eorpaí, tá Uachtarán na Comhairle Eorpaí, i ndlúthchomhar leis an gcomhalta den Chomhairle Eorpach atá mar ionadaí don Bhallstát a bhfuil Uachtaránacht leathbhliantúil na Comhairle aige agus le hUachtarán an Choimisiúin, le dréachtchlár oibre anótáilte a chur faoi bhráid na Comhairle Gnóthaí Ginearálta.*

*Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an dréachtchlár oibre anótáilte a thíolaic Uachtarán na Comhairle Eorpaí, ina leagtar amach na príomhábhair a dtabharfaidh an Chomhairle Eorpach aghaidh orthu ag an gcruinniú thuas, mar a mheastar.*

*I bhfianaise an phlé deiridh a bheidh ag an gComhairle Gnóthaí Ginearálta laistigh de chúig lá roimh an gcruinniú den Chomhairle Eorpach, tá Uachtarán na Comhairle Eorpaí leis an gclár oibre sealadach a dhréachtú.*

*Ar imeall an chruinnithe a bheidh ar siúl i mí an Mhárta, tiocfaidh comhaltaí na Comhairle Eorpaí agus an tArdionadaí le chéile le Ceannairí Stáit thíortha comhpháirtíochta G5 na Saiheile, i láthair Chathaoirleach Choimisiún an Aontais Afracaigh agus Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe.*
*Ag tús an chruinnithe, tabharfaidh an comhalta den Chomhairle Eorpach atá ina ionadaí don Bhallstát atá i mbun Uachtaránacht na Comhairle ar feadh tréimhse sé mhí forléargas ar an dul chun cinn atá déanta maidir le cur chun feidhme na gConclúidí ón gComhairle Eorpach roimhe seo.*

## I. <u>AN BONN EACNAMAÍOCH A NEARTÚ</u>

Beidh plé cuimsitheach ag an gComhairle Eorpach maidir le bonn eacnamaíoch an Aontais a neartú, plé a bheidh dírithe ar na deiseanna a chuirtear ar fáil a bhuí leis an gclaochlú digiteach agus leis an aistriú glas. Cuirfidh an Chomhairle Eorpach treoir ar fáil maidir le dul i ngleic leis na bacainní atá ann cheana sa mhargadh aonair, maidir le beartas tionsclaíoch réamhbhreathnaitheach a fhorbairt, agus maidir le feabhas a chur ar an tacaíocht a thugtar do FBManna.

Iarrfar ar an gComhairle Eorpach freisin treoir bheartais a fhormhuiniú maidir leis na tosaíochtaí don Straitéis Bhliantúil maidir le Fás Inbhuanaithe, chomh maith leis an Moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro.

## II. <u>CÚRSAÍ DIGITEACHA</u>

Tá sé ríthábhachtach an claochlú digiteach a mhúnlú chun an daonlathas, an tslándáil, samhail an mhargaidh shóisialta agus an inbhuanaitheacht iomaíoch san Eoraip, mar aon lena fás eacnamaíoch amach anseo, a áirithiú. Cuirfidh an Chomhairle Eorpach treoir ar fáil maidir leis an treo foriomlán agus na tosaíochtaí polaitiúla a bhaineann le beartas digiteach réamhbhreathnaitheach, lena n-áirítear sna réimsí a bhaineann le 5G, leis an intleacht shaorga agus le sonraí.

## III. <u>MÉADÚ</u>

I gcomhréir lena conclúidí ó mhí Dheireadh Fómhair 2019, fillfidh an Chomhairle Eorpach ar shaincheist an mhéadaithe.

## IV. CAIDREAMH SEACHTRACH

Déanfaidh an Chomhairle Eorpach plé straitéiseach ar an gcaidreamh idir an tAontas agus an tSín sula mbeidh an cruinniú mullaigh ann idir an tAontas agus an tSín agus sula dtionólfar an cruinniú idir ceannairí an Aontais agus na Síne.

Chomh maith leis sin, déanfaidh an Chomhairle Eorpach an toradh ar an gcruinniú mullaigh idir an tAontas agus an India ar an 13 Márta a mheas, agus reáchtálfaidh sí malartú tuairimí maidir leis na hullmhúcháin do Chruinniú Mullaigh na mBalcán Thiar a bheidh ar siúl i Ságrab i mí na Bealtaine.

I bhfianaise a dtarlóidh, féadfaidh an Chomhairle Eorpach aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna sonracha eile a bhaineann leis an mbeartas eachtrach.

## V. MÍREANNA EILE

Iarrfar ar an gComhairle Eorpach na treoirlínte straitéiseacha nua i réimse an cheartais agus gnóthaí baile a fhormhuiniú.